CINNEADH (AE) 2023/673 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 14 Márta 2023

maidir le tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh a bhaineann le cigireachtaí ar an láthair agus le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha (BCE/2023/6)

Tá Bord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 11.6 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/933 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Samhain 2016 maidir le creat ginearálta chun cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean le haghaidh ionstraimí dlí a bhaineann le cúraimí maoirseachta (BCE/2016/40) ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 agus 5 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2023/672 ón mBanc Ceannais Eorpach an 10. Márta 2023 maidir leis an gcumhacht a tharmligean chun cinntí a ghlacadh a bhaineann le cigireachtaí ar an láthair agus imscrúduithe ar shamhlacha inmheánacha (BCE/2023/5) ([2]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2004/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 19 Feabhra 2004 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([3]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Chun aghaidh a thabhairt ar an líon suntasach cinntí atá le glacadh ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) chun a chuid cúraimí maoirseachta a chomhlíonadh, bunaíodh nós imeachta chun cinntí tarmligthe sonracha a ghlacadh.

(2) Tagann cinneadh tarmligin in éifeacht ach a nglacann an Bord Feidhmiúcháin cinneadh lena n-ainmnítear ceann aonaid oibre amháin nó níos mó chun cinntí a dhéanamh ar bhonn cinneadh tarmligin.

(3) Ba cheart don Bhord Feidhmiúcháin a thábhachtaí atá an cinneadh tarmligin agus an líon seolaithe a gcaitear cinntí tarmligthe a sheoladh chucu a chur san áireamh agus cinn na n-aonad oibre á n-ainmniú aige.

(4) Foráiltear le hAirteagal 10(1) de Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach go ndéanfaidh an Bord Feidhmiúcháin cinneadh maidir le líon, ainm agus inniúlacht faoi seach gach aonaid d'aonaid oibre BCE.

(5) Chuathas i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird Maoirseachta maidir le cinn na n-aonad oibre ar cheart an chumhacht chun cinntí tarmligthe a ghlacadh maidir le cigireachtaí ar an láthair agus le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha a tharmligean chucu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe:

Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2023/672 (BCE/2023/5).

([1]) IO L 141, 1.6.2017, lch. 14.
([2]) IO L 84, 23.3.2023, lch. 18.
([3]) IO L 80, 18.3.2004, lch. 33.

Airteagal 2

Cinntí tarmligthe a bhaineann le cigireacht ar an láthair agus le himscrúduithe shamhlacha inmheánacha

Glacfaidh an tArd-Stiúrthóir nó Leas-Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta Cigireachtaí ar an Láthair agus Shamhlachaí Inmheánaí Imscrúduithe cinntí tarmligthe de bhun Airteagal 3 de Chinneadh (AE) 2023/672 (BCE/2023/5).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá i ndiaidh a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 14 Márta 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE